

Aonad 6 – Ceacht 1



Cuntais Reatha Sonraí Breise – Bileog an Mhúinteora



**Tá réimse leathan seirbhísí ar fáil dóibh siúd a bhfuil cuntas reatha acu.
Ina measc seo tá na seirbhísí seo a leanas.**

- Íocaíochtaí éagsúla a fháil isteach ann – pá, pinsean, íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
- Airgead a tharraingt ón ATM le cárta dochair.
- Íoc as earraí agus seirbhísí le cárta dochair, seiceanna a scríobh, nó airgead a aistriú go dtí cuntas eile.
- Billí a íoc le dochar díreach nó le córas taobh istigh den bhrainse.
- Baincéireacht a dhéanamh ar an bhfón nó ar an idirlíon.
- Rótharraingt a fháil.
- Íoc as earraí agus seirbhísí thar lear.

Roinnt costas ar chuntas reatha ná:

1. Táillí agus Muirir:

- Muirir chothabhála – go míosúil nó gach ceathrú.
- Muirir idirbheartaíochta – cosúil le gach uair a dhéantar aistarraingt, lóisteáil, nó dochar díreach.
- Táillí seirbhíse – nuair a thugtar treoir chun buanordú, dochar díreach nó seirbhísí eile a shocrú.
- Táillí rótharraingthe.
- Nuair atá cárta nua ag teastáil.
- Nuair atá Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN) nua de dhíth.

2. Pionóis: Beidh pionós ag mórán banc mura gcoimeádann tú méid áirithe i do chuntas. Seans go mbeidh ort íoc as:

- Buanorduithe nach bhfuil íoctha.
- Dochair dhíreacha nach bhfuil íoctha.
- Seiceanna a scríobhtar nuair nach bhfuil dóthain airgid sa chuntas le híoc astu nuair a lorgaítear.

3. Rátaí Úis:

- Íocann cuntais áirithe ús ar iarmhéid sochair, ach íoctar rátaí éagsúla ar chuntais éagsúla.
- Is iondúil go mbíonn ús le híoc ar rótharraingt. Bíonn an ráta níos airde mura bhfuil cead faighte roimh ré.





Cuntais Reatha Sonraí Breise – Bileog an Mhúinteora



Nuair atá comparáidí á ndéanamh idir soláthraithe agus seirbhísí, ba cheart na gnéithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

1. Rochtain:

- Áisiúlacht an bhraíne agus uaireanta oscailte. Rochtain idirlín agus fóin.
- Na cártaí a chuirtear ar fáil.

2. Seirbhísí/ Áiseanna:

- Seirbhísí teileafóin, seirbhísí idirlín, seirbhísí sna brainsí, seirbhísí ATM.
- Minicíocht ráitis.
- Áiseanna rótharraingte, ag íoc as earraí thar lear, cártaí dochair, aistriú airgid.

3. Táillí:

- Aon táille a leagtar ar na seirbhísí a úsáidtear.
- Na pionóis a leagtar mura mbíonn dóthain airgid sa chuntas agat.

4. Rátaí Úis:

- An ráta a thuilltear ar iarmhéid sochair.
- An ráta a leagtar ar rótharraingt agus araile.

